# Foghlaim TG4

# Forbairt Sraithe d’Fhoghlaimeoirí

# Babhta 2

# Dáta Deiridh d'Iarratais: 14:00 an 12 Deire Fomhair 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Tá sé i gceist ag Foghlaim TG4 cúnamh a chur ar fáil chun dhá shraith ar líne a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Tá dhá chineál sraithe á lorg againn; ceann d'fhoghlaimeoirí fásta agus ceann eile do pháistí.

## Forbairt Sraithe d'Fhoghlaimeoirí Fásta

Tá muid ag lorg ábhar foghlama teanga digiteach chun tacú le foghlaimeoirí fásta, cainteoirí atá ag filleadh ar an Ghaeilge agus pobal na hÉireann ar fud an domhain atá ag iarraidh cur lena n-inniúlacht sa teanga agus a chuirfidh leis an teagmháil a bhíonn ag daoine anseo sa bhaile agus thar lear leis an Ghaeilge.
Cuirfidh muid fáilte roimh smaointe atá spreagúil, siamsúil agus atá bunaithe ar chleachtais foghlama teanga ar nós Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFT) do dhaoine fásta.
Ba mhaith linn smaointe a fháil ina mbeidh béim ar chomhrá, friotal, foghraíocht agus gradamach shimplí bunaithe ar na hidirghníomhaíochtaí laethúla a bhíonn ag daoine. Ba chóir don ábhar a bheith leagtha amach sa chaoi is go mbeidh daoine in ann é a úsáid ina n-am féin agus ba chóir ábhar tacaíochta a bheith ag dul leis.
**Formáid:** sraitheanna neamhlíneacha le foilsiú ar shuíomh Foghlaim TG4 agus ar ardáin éagsúla. Cuirfear suas le trí thionscnamh ar an ngearrliosta agus cuirfear maoiniú forbartha ar fiú suas le €20,000 é ar fáil chun an tsraith a thabhairt chuig an leibhéal léirithe.

**Forbairt Sraithe d'Fhoghlaimeoirí Óga**

Tá muid ar lorg smaointe chun sraith oideachais ghearrfoirme a fhorbairt a thacóidh le múineadh na Gaeilge i suíomhanna réamhscoile agus luathbhlianta. Cuirfidh muid fáilte roimh smaointe le haghaidh sraith ghearrfhoirme dhigiteach a thacóidh le cuspóirí an Phlean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna a bhíonn ag teagasc trí Bhéarla ó thaobh theagasc na fónaice agus an litrithe.

Cuirfidh muid fáilte roimh smaointe atá spreagúil, siamsúil agus a chuideoidh le páistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga. Ba chóir cur chuige a mbainfidh páistí taitneamh as a úsáid agus é a bheith dírithe ar shealbhú teanga, gramadach shimplí, foghraíocht agus comhrá simplí.

**Formáid;** sraitheanna neamhlíneacha le foilsiú ar shuíomh Foghlaim TG4 agus ar ardáin éagsúla.

Cuirfear suas le trí thionscnamh ar an ngearrliosta agus cuirfear maoiniú forbartha ar fiú suas le **€20,000** é ar fáil chun an tsraith a thabhairt chuig an leibhéal léirithe. Beidh an fhorbairt a chur i gcrích i mbliana.

Tá sé riachtanach na comhairleoirí oideachais agus teanga a bheidh in úsáid a thabhairt le fios in aon iarratas a chuirtear chuig TG4.

<u>Beidh cearta saoil ag TG4 ar na míreann a fhoilseofar.</u>

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Méabh Fields (meabh.fields@tg4.ie) le haon cheisteanna.

Buiséad (ar theimpléad Buiséid TG4)

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin https://ecomm.tg4.ie/ , agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha, '**Foghlaim TG4 – Forbairt Sraithe d'Fhoghlaimeoirí – B2 '**, a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais. Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Caithríona Ní Churraoin caithriona.nichurraoin@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha. Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*